INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
MEASÚNÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE

OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
EARRACH, 2019

An Triail Scríofa - 100 MARC

Trí huaire an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00).
Freagair cúig cheist.

ROINN A

SCRÍBHNEOIREACHT FHEIDHMIÚIL

Freagair Ceist 1 nó Ceist 2

1. Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):
Mar an múinteoir atá i gceannas ar chúrsaí drámaíochta i do scoil, scríobh litir chuig an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, An Bóthar Nua, Cill Airne, Contae Chiarraí ag tacú le hiarratas le haghaidh deontais d'amharclann nua atá cumann drámaíochta i do cheantar ag iarraidh a thógáil.

2. Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):
Mar an Príomhoide ar do scoil scríobh litir chuig comhlacht i do cheantar ag lorg airgid chun pianó nua a cheannach don Seomra Ceoil i do scoil.

(30 marc)

ROINN B

AISTRIÚCHÁIN

Freagair Ceist 3 agus Ceist 4

3. Aistrigh go Gaeilge:-

(a) Stand back, Paul and let Ciarán into the line.
(b) Here are the keys for you, Mary.
(c) Put these gloves in the pocket of your coat.
(d) Take out your homework, children.
(e) Did you forget your lunch, Eoghan?
(f) Ciara! Do not forget to wash your hands.
(g) Niamh! Do not leave a hand on anybody else.
(h) Finish that tonight, children.
(i) Collect the copybooks, Aisling and leave them on my table.
(j) Put on your coats, children.

(15 mharc)

4. Aistrigh go Gaeilge:-

Principal: I'm sorry for disturbing you, Deirdre.
Teacher: You're not disturbing me at all. How can I help you?
Principal: Well! I have a meeting with a parent tomorrow morning at half past nine and for that reason I will not be able to take Assembly.
Teacher: I will be able to take it if that helps.
Principal: That would be great.
Teacher: Are there any special announcements that you want me to make?
Principal: Congratulate the girls' football team on their win yesterday.
Teacher: I certainly will. Weren't they great!
Principal: And one other thing! Tell the children that there will be no swimming next Friday.
Teacher: I will do that. Good bye for now!

(20 marc)

ROINN C

GRAMADACH
Freagair Ceist 5

5. Scríobh na freagraí i do fhreagarleabhar:-

An Briathar:

1. A Ailbhe agus a Thomáis! (Dún) _____ na cóipleabhair anois.
2. A Eibhlín! Ná (déan) _____ dearmad ar do bhosca lóin.
3. Níor (ceannaigh) _____ Clár an ticéad inné.
4. Ní (seinn: siad) _____ an pianó gach lá.
5. An (feic: tú) _____ *Prime Time* aréir?
6. (Taispeáin: sé) _____ a chuid oibre dom i gcónaí.
7. An (déan: sí) _____ an tsiopadóireacht amárach?
8. Nach (téigh: siad) _____ go Gaillimh inné?
9. (Ordaigh: sí) _____ na téacsleabhair nua, dá mbeadh an t-am aici.
10. Dá mbeadh an eochair agam, (oscail: mé) _____ an doras duit.
11. (Seol: sinn) _____ na ríomhphoist chuig na tuismitheoirí amárach.
12. (Bailigh) _____ an t-airgead d'Ionad Lae na gCaipisíneach inné.
13. (Faigh) _____ cloigíní gorma sa choill sin ag an am seo gach bliain.
14. Deir na buachaillí (dúisíonn) _____ siad ar a seacht a chlog gach lá.
15. Dúirt Bairbre (níor rug) _____ sí ar an liathróid sa chluiche inné.
16. Dúirt Fiachra (íosfaidh) _____ sé a lón níos déanaí.
17. Tá an fógra sin (tabhair) _____ aige cúpla uair anois.
18. Nuair a bhí a obair bhaile (déan) _____ ag Eoin, chuaigh sé go dtí an cluiche.
19. Dá (bí) _____ sé ag cur báistí, chaithfinn cóta báistí.
20. Má (clois) _____ tú ó Éilís, an gcuirfidh tú glao gutháin orm?

An Chopail:

21. Ní (Príomhoide) _____ é Micheál.
22. Nach (é) _____ Caoimhín an t-amhránaí is fearr?
23. Ar (peileadóir) _____ é Ruairí?
24. Ba (iad) _____ na cailíní sin na cailíní ba spórtúla.

An tAinmfhocal

25. Tá an (bóthar [fir.])_____ sin an-fhada.
26. Tá an (seilf [bain.]) _____ sin ró-ard.
27. D'fhág mé mo rothar ag (an geata) _____.

28. Bhí áthas ar (na cailíní) _____ nuair a bhuaigh siad an rás.
29. Ar pháirceáil tú trasna (an bóthar) _____?
30. Tá bus mór os comhair (an scoil)_____.
31. Cuirigí na réaltaí i lár (na pictiúir) _____.
32. Tá cótaí (na páistí) _____ ag bun an tseomra.

An Aidiacht

33. Is é an samhradh an séasúr (is: te) _____.
34. Tá an cheist seo (níos: deacair) _____ ná an chéad cheann.

An Aidiacht Shealbhach

35. Bhí Siobhán ag labhairt (le: do: máthair) _____.
36. Tá Liam (i: a: ball) _____ den chlub drámaíochta.

An Forainm Réamhfhoclach

37. Tá an-spéis aige (i: sinn) _____.
38. Baineadh geit (as: mé) _____ nuair a chuala mé an ghaoth.

Suas, Thuas, Anuas; Síos, Thíos, Aníos

39. A Chaitlín! Tá an múinteoir pianó thuas ar an tríú hurlár. An rachaidh tú _____ chun teachtaireacht a thabhairt di?

Isteach, Istigh; Amach, Amuigh

40. Beidh an Lá Spóirt ar siúl _____ sa pháirc Dé Máirt seo chugainn.

Uimhreacha

41. Scríobh i bhfocail: Rang 2: _____.
42. Tá cúpla (páiste) _____ as láthair.
43. Tógann sé ceithre (bliain) _____ an chéim a bhaint amach.
44. Beidh beirt (múinteoir) _____ ar an mbus.

Gramadach an Bhriathair

45. Scríobh an aimsir láithreach, an fhoirm dhiúltach, an dara pearsa uatha den bhriathar ‘caith’.

_____.

46. Scríobh an aimsir fháistineach, an fhoirm dhearfach, an chéad phearsa iolra den bhriathar ‘codail’.

_____.

47. Scríobh an t-ainm briathartha den bhriathar ‘faigh’.

_____.

48. I dtéarmaí gramadaí, mínigh ‘chuirfimis’.

_____.

49. I dtéarmaí gramadaí, mínigh ‘thángthas’.

_____.

50. I dtéarmaí gramadaí, mínigh ‘taispeánfaidh sé’.

_____.

(25 mharc)

ROINN D

LÉAMHTHUISCINT
Freagair Ceist 6 nó Ceist 7

6. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

Sliocht, atá curtha in oiriúint, as *Jimín Mháire Thaidhg*, le Pádraig Ó Siochfhradha in *Aois na hÓige* (in eagar ag Nic Eoin agus Ní Dhonnchadha), Clór Iar-Chonnacht, 2017, 116-117.

An Máistir a dúirt liom é seo a scríobh le cur go dtí *An Lóchrann*. Cuntas a scríobh mar gheall orm féin – sin a dúirt sé a bhí uaidh. Ní fheadar cén fáth a bhfuil *An Lóchrann* ag lorg a leithéid sin. B'fhéidir gurb amhlaidh atá an fear a bhíonn ag scríobh dó róleisciúil chun a thuilleadh a chur síos. Bíonn an Máistir féin róleisciúil uaireanta aon rud a dhéanamh agus cuireann sé ag léamh sinn agus téann sé féin amach sa phóirse ag caitheamh tobac. Rug cigire lá air ann. Ní maith leis an Máistir cigirí ar shlí éigin. Ní maith liom féin na cigirí sin, leis. Bhí fear acu sa scoil inné agus níor labhair sé aon fhocal Gaeilge leis an Máistir. B'ait linn é sin…

Tá sé chomh maith agam tosú ar an gcuntas úd. Ní fheadar i gceart cá dtosóidh mé. Dúirt an Máistir liom m'ainm a chur síos ar dtús; ach ní féidir liom anois é a chur síos ar dtús mar tá barr an pháipéir seo lán. Cuirfidh mé anseo é: Jimín Mháire Thaidhg. Is mise Jimín. Tá ainm eile, leis, orm: Séamas Ó Breasail. Sin é an t-ainm atá ar mo Dhaid; ach níl aon toradh ar mo Dhaid bocht sa teach seo agus ní thugann aon duine a ainm sin ormsa ach ainm mo Mham. Is í Máire Thaidhg mo mháthair, tá fhios agat. Is iontach an duine Mam. Bíonn eagla orainn roimpi – mé féin is Daid. Tugann sí sceimhle do Dhaid uaireanta. Sin an chúis go bhfuil Jimín Mháire Thaidhg ormsa.

Rugadh mé fadó fadó. Ní chuimhin liomsa cathain, ach deir Sean-Bhríd go bhfuil trí bliana déag ó shin ann. Deir sí go raibh ár dteach an-mhór trína chéile an oíche a tháinig mé ann. Bhí gach duine ina shuí ar feadh na hoíche…Bhí sceitimíní orthu go léir…Tháinig mná an bhaile go léir isteach agus bhí siad ag féachaint orm…
Ansin thóg m'athair buidéal as an gcupard agus thug sé braon as do na mná. Thug sé braon mór do Mháire Aindí…Bhí rírá mór acu ansin agus caint agus gáirí. Tháinig sciatháin ar m'athair agus dhein sé…rince. Níl mo Dhaid go maith chun rince, tá a fhios agat, ach de chionn mise a bheith aige, is dócha, bhí mórtas air. Ach do labhair mo Mham ón seomra agus dúirt sí 'an t-amadán fir sin a stopadh'. Stop mo Dhaid láithreach. Deineann sé rud uirthi i gcónaí. Daid bocht!

Buntuiscint:

1. Cá bhfoilseofar an t-alt a scríobhfaidh Jimín Mháire Thaidhg?
2. Cá raibh an Máistir nuair a rug an cigire air?
3. Cén aois é Jimín?

Tuiscint liteartha:

1. Cén sloinne atá ag Jimín Mháire Thaidhg?
2. Cén fhianaise atá sa sliocht go raibh áthas ar a athair nuair a tháinig Jimín Mháire Thaidhg ar an saol?

(10 marc)

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

Sliocht atá curtha in oiriúint as *An Bád sa Chuan* (Úrscéal d'Fhoghlaimeoirí), le Muireann Ní Bhrolcháin, Cló Iar-Chonnacht, 1990 & 2002, 7-8.

"Fiche míle eile!" a scread Peadar agus Órlaith i gcúl an chairr. "Fiche míle eile go dtí an Droichead Nua. Cá fhad a thógfaidh sé sin, a Dheaid? Cá fhad?"

"Fanaigí socair. Tá na bóithre seo go dona," a d'fhreagair a n-athair, Seán Ó Conaill…

"Ach cá fhad?" a d'iarr Órlaith arís.

"Thart ar leathuair an chloig. Anois tóg go bog é!" a d'fhreagair a máthair.

Bhí siad uile ag dul le coicís laethanta saoire a chaitheamh i gContae Chorcaí. Seanteach mór a bhí ann, ar déanadh teach ósta de. Bhí sé trí mhíle ón mbaile ba ghiorra dó. Chonaic siad pictiúir de. Crainn mhóra cruinnithe thart ar an teach fada leathan. Páirc féir ag leathadh síos ón doras. Foraois mhór dhorcha taobh thiar den teach. Bhí trá bheag chluthar ag bun na haille. D'fhéach Peadar agus Órlaith ar an bpictiúr arís. Bhí sceitimíní orthu.

"Beimid in ann dul ag snámh gach lá!"

"Agus féach ar an gcoill! Smaoinigh ar an spraoi a bheidh againn ag siúl tríd sin. Ní bheadh fhios agat cén saghas eachtraí agus strainséirí aisteacha a chasfaí orainn ansin. B'fhéidir go bhfuil ainmhithe allta ann nó taibhsí!" arsa Peadar.

Bhí seisean dhá bhliain déag d'aois. Bhíodh sé ar a dhícheall ag iarraidh scanradh a chur ar Órlaith, a bhí deich mbliana d'aois.

"Féach!" a dúirt a n-athair. "Seo an baile beag. An Droichead Nua. Trí mhíle eile anois. Beidh sé dorcha nuair a shroichimid an óstlann."

Bhí geataí na hóstlainne os a gcomhair agus teach beag taobh istigh. Bhí bóithrín, míle ar fhaid, suas go dtí an teach agus crainn ar gach aon taobh. "Meas tú an bhfuil aon duine ina chónaí ansin?" arsa Órlaith.

"Is ar éigean go bhfuil. Tá sé ag titim as a chéile."

"Féach! Feicim duine éigin ag corraí taobh istigh den fhuinneog," arsa Peadar.

"Cá bhfuil sé?" arsa Órlaith, "ní fheicimse faic."

"B'fhéidir nach raibh ann ach scáil," arsa Peadar.

"Níl faic ann anois."

Bhí an oíche ag titim agus iad ag tiomáint isteach. Bhí scáil na gcrann ag titim ar an mbóthar agus an dorchadas ag titim go tapa.

"Seo an teach anois," arsa a máthair leo…

"Ó! Nach iontach é seo!" arsa Órlaith i gcogar. "Tá sé go hálainn!"

Buntuiscint:

1. Céard a d'iarr Seán Ó Conaill ar na páistí a dhéanamh?
2. Cá fhad a chaithfidh an chlann sa teach ósta?
3. Cé mhéad míle ón Droichead Nua atá an teach ósta suite?

Tuiscint liteartha:

1. Cén fáth a raibh sceitimíní ar na páistí nuair a chonaic siad pictiúr den teach ósta?
2. Céard a chonaic Peadar sa teach beag?

(10 marc)